# Gabh m’éagnach, a Eoin Baisde

[McKenna, L.: *Dán Dé: The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin, 1922, poem 11]

Tadhg Óg Ó hUiginn

1 Gabh m’éagnach a Eoin Baisde
baoghal dúinn ar ndíochaisge
féagh orainn a chnú craidhe
tú thoghaim mar theachtaire.

2 Don cholainn tugas treiseacht
móide iarraim m’oircheiseacht
caidreabh nach oil don anam
suidh th’aigneadh im uradhall.

3 Ré chéile ní chongnaid sin
’s a n-eascaraid ’n-a n-aighidh
cuin bhias i gcaoin ré chéile
dias gaoil fhuil i n-aimhréidhe

4 A thruaill chriadhsa ar cuireadh mé
ní bhiadh th’éagnach ar mh’aire
muna fhionnmhais ocht n-álaidh
ort i n-iongnais fhalámhaigh.

5 Lánamha ’n-a lucht fhaladh
bhíos ré chéile ag cathaghadh
caidhe an treoir fá dtibhre láimh
fá ndingne a Eoin a n-eadráin.

6 Do chuireas uile im aghaidh
Íosa go n-a easbalaibh
cia a-nocht muna ghabha ar nguth
cara lén holc ar n-éagnach

7 Maith thuige nach táinig mé
gur chaitheas urmhór m’aoise
narab ionann tuigse is tail
duid-se i n-ionam ar n-éagnaigh.

8 Gidh olc thuilleam a thabhairt
is cosmhail nach conntabhairt
fear do threise go dtiobbra
meise i dteagh a Thighearna.

9 Móide do bhéara láimh linn

re ndul sa gcoinne gcoitchinn
mé féine ag oirchill a Eoin
ar thoirrthim Sléibhe Si-óin.

10 Maoidh air i n-éaruic mo chean
méad do dheacrais fan Dúileamh
gach comaoin dar chuir tusa
comhmaoidh do mhuin macnasa.

11 Gar dá chéile cuimhnigh dhí
do mháthair agus Muire
faghaibh ar ghoire do ghaoil
gan Mhoire i n-aghaidh th’óglaoigh.

12 Triúr a-nuas is é m’fhios-sa
d’Anna sa chraoibh choibhneasa
[a-tá] siúr oile Anna
triúr ón chloidhe chomhranna.

13 Do chroidhe íseal umhal
lér eagal a ardughadh
fa aigse ’n-a fheoil is d’fhuil
a Eoin Baisde dod bhráthair.

14 Is é comhrádh chanaid ribh
Muire ógh an uair luaidhtir
nó go ruig-se an Rí neamhdha
do bhí ag tuigse a Thighearna.

15 Forba ráithe do bhí i mbroinn
sul táinig Críosd i gcoluinn
do bhreith eoil rugadh reimhe
tugadh Eoin dá fháisdine.

16 Máthair Eoin an uair do shir
toirrcheas do thoil an Dhúilimh
tugadh Eoin im dhubh-nóin dí
i ndeoidh urmhóir a haoise.

17 Mar tháinig a tigh nimhe
Rí an bheatha i mbroinn maighdine
sul do théacht a fheoil san óigh
do shléacht Eoin i n-a onóir

18 Mar do mhéadaigh a mheanma
ag tuigsin a Thighearna
Eoin re haghaidh an leanaibh
samhail eoin ar eitealaigh.

19 An uair do bhádhais i mbroinn
a Eoin go n-aigneadh coluim
tú do róine Rí nimhe
i gclí óighe d'fháisdine.

20 Muire ógh níor iongnadh sain
dod mhúnadh mar do mháthair
grádh meic 'gun bhanóigh do bhaoi
deit i n-anóir a n-éandlaoi.

21 Gach aon nach leanadh lorg Dé
do níthear ort mar fhínné
ag Eoin Baisde do bhíodh sin
i ngaisde Ríogh an ríchidh.

22 Ní fhuil greim nar léigeadh lais
dar haontuigheadh 'gun eaglais
acht an bhean chuil do chronuigh
fá fear don fhuil iobholaigh.

23 Ioruath mar do aontuigh chol
lé chéile is bean a bhráthar
ní táinig olc fa dheoidh dhe
nar nocht Eoin is níor fheirrde.

24 I n-aghaidh a ndearna dhóibh
do shaothar is do sheanmhóir
fuath budh mó iná fuath falaigh
dó mar luach ón lánamhain.

25 Do bhíodh ag míleas a mhná
'n-a fhiadhnaise gach n-éanlá
nó gur líonadh í dá fhuath
is rí na nÍobhal Ioruath.

26 Níor fhulaing ceann an chreidimh
don díssin dia d'fhoighidin
teacht tar riaghail Dé na ndúl
is é bliadhain i mbríosún.

27 Do bhí an bhean fa baoghal dí
'n-a mnaoi iomtha d'Eoin Baisde
smuainidh é tré n-a hiomadh
guaillidh Dé do dhícheannadh.

28 Dá dheoin féin fuair a oidhidh
do mhian Íosa d'ionsoighidh
níor tuigeadh lé ag oidheadh Eoin

nach foigheadh é dá aindeoin.

29 Mar do cuireadh léi-se i loch
ceann an fhíréin dá fholach
do chíthe lán do lasair
títhe ar lár an lochasain.

30 D’éis gach uilc dá bhfuair an fear
ag cathughadh mun gcreideamh
do shuidh Eoin ní fhuilim dó
fa dheoidh ar uillinn Íosa.

31 Níor ghein ó mhnaoi a mhac samhla
do chíthear a chomhardha
teaghlach Dé i ndeoidh a thogha
is é Eoin a n-éanrogha.